

M82(L)

7503

AN ROIINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA

1999

LÍNÍOCHT THEICNIÚIL - GNÁTHLEIBHÉAL

PÁIPÉAR II(A)

FEIDHMIÚCHÁIN INNEALTÓIREACHTA

AN ROIINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION

1999

TECHNICAL DRAWING - ORDINARY LEVEL

PAPER II(A)

ENGINEERING APPLICATIONS

## PROJECTION TEILGEAN




FIG. 1  
FIG. 1




FIG.3 FIGR 3

RD — 80  
DA — 140  
OA — 50  
AP — 90






FIG.5 FIGR 5

FIG. 7.1  
FÍOR 7.1



LÍNÍOCHT THEICNIÚIL - GNÁTHLEIBHÉAL  
PÁIPÉAR II (A) – FEIDHMIÚCHÁIN INNEALTÓIREACHTA

200 marc

DÉ hAOINE 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

TREORACHA

- (a) Ceist 1 agus dhá cheist eile a fhreagairt.  
(b) Ba chóir líníochtaí agus sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe mura luaitear a mhalairt.  
(c) Áit nach sonraítear toisí, is féidir meastachán a dhéanamh.  
(d) Tabharfar creidiúint ar leagan amach atá néata agus dea-riarthá.  
(e) Ní mór d'iarrrthóirí a geuid saothair a dhéanamh ar thaobh amháin den pháipéar.  
(f) Ní mór an Scrúduimhir a scriobh ar gach bileog líníochta a úsáidtear.  
(g) Tá na toisí uile ina milliméadair.

1. Tugtar sonraí maidir le BÍS LÁIMHE i bhFíor 1 mar aon le liosta páirteanna mar atá sa tábla thíos.

INNÉACS	PAIRT	AG TEASTAID
1	Cabhail	1
2	Giall Inghluiste	1
3	Scriú	1


- (a) Déan na líníochtaí seo a leanas den chóimeáil i dteilgean céad uillinne nó i dteilgean tríu huillinn.
- (i) Tras-taobhchló ar an bplána gearrtha AA.  
(ii) Leath-bhonnchló teilgthe ó (i).
- (b) Cuir isteach iad seo a leanas ar na líníochtaí:
- (i) Teideal:- BÍS LÁIMHE.  
(ii) Siombail teilgin ISO.  
(iii) Ceithre cinn de na príomhlthoisí.

(100 marc)

- 2.** Taispeánann Fíor 2 ingearchló aerálaí dín a rinneadh trí dhronchón a ghearradh mar a thaispeántar, agus an séama C-C aige.

- (a) Tarraing an t-ingearchló mar a thaispeántar;
- (b) Déan bonnchló a theilgean ó chló (a);
- (c) Tarraing forbairt dhromchla an aerálai;
- (d) Ainmnigh alt oiriúnach don séama agus déan saorsceitse mó� de.

**Fíor 2.**



(50 marc)

- 3. (a)** Rothlaíonn ceam pláta ghathaigh ar deiseal ar 60 rothlú sa nóiméad agus oibríonn sé leantóir in-líneach le faobhar scine. Bíonn ar a laghad 40 mm idir lár an cheama agus an leantóir i gcónai. Tarraing próifil an cheama chun an gluaisne seo a leanas a thabhairt don leantóir:-

Ardú 50mm le treoluas aonfhoirmeach ar feadh 0.25 soicind.

Fosú ar feadh 0.25 soicind.

Filleadh ar an ionad tosaigh le gluaisne armónach shimplí ar feadh 0.5 soicind.

Bíodh an léaráid difláithriúcháin mar chuid den réiteach agat.


- (b)** Taispeánann Fíor 3 meicníocht slabhra ceithre bharra. Rothlaíonn an cróman OA ar tuathal.

- (i) Agus úsáid á baint as léaráid líneach mar léiriú ar an meicníocht, breac lócas an phointe P do rothlú amháin de chroman OA.
- (ii) Tarraing próifil de sciath shimplí meisín timpeall ar an meicníocht agus scóip íosta 15mm aici.

(50 marc)

4. (a) Agus úsáid á baint agat as an tábla sonraí thíos, déan línlíocht ar a bhfuil toisí ionláná den pháirt mheaisín a thugtar i bhFíor 4. Bíodh SS ina thagaírt agat.


1	Céann heicseagánach; 80 trasna ar chúinní, 30 ar doimhneacht.
2	Seafha, Trastomhas 60; Fad 50.
3	Barrchaolú; Trastomhas íosta 30, Trastomhas uasta 60, Fad 65.
4	Foghearradh; Doimhneacht 5, Fad 5.
5	Scriúshnáithe; Méadrach 30, Claonadh 3.5, Fad 40.



- (b) Sainainthín an chóimeáil a thugtar i bhFíor 5.

- (i) Ainmnigh na páirteanna 1, 2, 3, 4.  
(ii) Déan saorsceitse ag taispeáint modha eile chun páirt 2 a dhaingniú de pháirt 3.  
(c) Taispeánann Fíor 6 línlíocht de chóimeáil innealtóireachta ar a bhfuil páirteanna uimhrithe éagsúla, marcáilte de réir siombailí coitianta. Cíopeál an chairt a thugtar ar do bholeog freagraí agus sainaithín gach páirt tríd an uimhir chuí a chur isteach sa cholún ar clé.

Uimhir	Gníomhaíochtaí
	Líne Láir
	Scriúshnáithe
	Cothrom ar sheaftha
	Bosc
	Ulóg
	Ciorcfhaiscín
	Grán Iompair
	Seafha Cearnógaach
	Gualainn
	Feireadh



(50 marc)

Lch. 3 de 4


THALL→

5. Freagair ROINN A nó ROINN B ach ná freagair iad araon.

### ROINN A

- (a) Tá scriúshnáithe aontúis deisealach, héiliciúil, den déanamh a thugtar i bhFíor 7, le gearradh ar bhabra dar trastomhas 120mm. Tarraing dhá rothlú den scriúsnáithe, claoadh 60mm.
- (b) Agus saorsceitsí mar chúnamh agat, mínígh na giorrúcháin (Bhéarla) seo a leanas:-
- (i) CSK HD;
  - (ii) CRS;
  - (iii) C'Bore.

Fíor 7



### NÓ

### ROINN B

- (a) Liostaigh sé cinn de na horduithe is gá a thabhairt chun an líniocht a thugtar i bhFíor 7.1 a chur ar fail.
- (b) Cén smeachréiteach is oiriúnai chum an líniocht i bhFíor 7.1 a dhéanamh.
- (c) Agus nóta gearr agus sceitse agat mar chúnamh, mínígh cad is brí le pleanáil incriminteach.
- (d) Ainmnigh trí chineál Feiste Ionchuir a mbaintear úsáid astu sa líniocht ríomhchuidithe.
- (e) Agus nóta gearr agus sceitse agat mar chúnamh, mínígh na feidhmiúcháin seo a leanas a mbaintear úsáid astu i gcórais dhearaidh ríomhchuidithe (CAD).
- (i) Scáiliú;
  - (ii) Féithiú;
  - (iii) Filléid.